UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

POLASAÍ AGUS NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE DÍNIT AGUS MEAS MAC LÉINN

Faofa ag an Údarás Ceannais an 29 Samhain 2013

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh.

1. RÁITEAS POLASAÍ

1.1 Tá Ollscoil Luimnigh tiomanta do thimpeallacht foghlama dhearfach a fhorbairt agus a chothú ina gcaithfear le gach fostaí agus mac léinn le dínit agus le meas. Chun é seo a bhaint amach, is é polasaí na hOllscoile timpeallacht atá saor ó aon chineál bulaíochta a chur ar fáil do gach fostaí agus mac léinn.

1.2 Tá gach ball de phobal an champais freagrach astu féin agus as mic léinn agus comhghleacaithe eile san Ollscoil páirt dhearfach a ghlacadh in eagraíocht ina gcaitear le gach duine le dínit agus le meas.

1.3 Tá feidhm ag an bpolasaí seo:
(a) más mac léinn an gearánach agus más mac léinn nó fostaí de chuid na hOllscoile an freagróir agus
(b) más fostaí de chuid na hOllscoile an gearánach agus más mac léinn de chuid na hOllscoile an freagróir.

1.4 Déanfaidh an Ollscoil beart araíonachta cuí le pionóis suas go dtí díbirt/dífhostú agus iad sin san áireamh, i gcoinne daoine a léirítear sárú a bheith déanta acu ar an bpolasaí seo.

2. BULAÍOCHT

2.1 Is féidir le bulaíocht tionchar a bheith aige ar shláinte, muinín, meanma agus feidhmiú daoine dá ndéantar orthu í. Is sárú í ar pholasaí na hOllscoile agus chomh maith leis sin tá go leor foirmeacha bulaíochta neamhdhleathach agus cuireann siad isteach go míchóir ar an deis atá ag gach fostaí agus mac léinn timpeallacht oibre agus foghlama atá compordach agus táirgiúil a bheith acu.

2.2 Cineálacha Bulaíochta

2.2.1 Léirítear bulaíocht i bhfoirmeacha éagsúla. Is **roinnt samplaí** iad seo a leanas de bhulaíocht nuair a dhéantar iad arís agus arís eile. Ní liosta iomlán gan teorainn é seo:

- Teagmháil fhisiciúil nach mbítear a iarraidh, mí-úsáid fhisiciúil nó bagairt go ndéanfar mí-úsáid ar dhuine nó ar mhaoin duine;
- Béiceadh, iomarduithe poiblí, racht feirge gan choinne;
- Cáineadh de shíor gan údar;
- Greann nach mbítear a iarraidh, caidéiseacha, drochbhéal, bagairtí, maslaí;
- Iompar eisiatach nó aonaránaithe;
- Ríomhphost agus téacsáil ar theileafón póca a úsáid mar áis lena bhféadfaí bulaíocht a dhéanamh.

3. NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE GEARÁIN

3.1 Leagtar amach na nósanna imeachta seo a leanas mar thaca le polasaí na hOllscoile agus úsáidfear iad aon uair a dhéanfar líomhain gur sháraigh mac léinn an polasaí "Dínit agus Meas Mac Léinn in Ollscoil Luimnigh" i gcoinne mic léinn nó fostaí de chuid na hOllscoile. Úsáidfear na nósanna imeachta seo freisin i gcás ina ndéanfaidh fostaí de chuid na hOllscoile líomhain gur sháraigh mac léinn de chuid na hOllscoile an Polasaí.

3.2 Déileálfar le gach gearán go pras agus, a mhéid is féidir, ar bhealach rúnda, de réir na nósanna imeachta atá comhaontaithe.

3.3 I gcás go ndéanfaidh gearánach gearán a tharraingt siar, féadfaidh an Ollscoil an cheist a imscrúdú ar mhaithe leis an dá pháirtí a bheidh i gceist.

3.4 Bítear ag súil go leanfaidh gach mac léinn de chuid Ollscoil Luimnigh, de ghnáth, deacrachtaí a bhaineann le bulaíocht faoin nós imeachta neamhfhoirmiúil ar an gcéad ásc. Aithnítear, áfach, go bhféadfadh uaireanta a bheith ann go n-éileodh tromchúis an ghearáin go mbeadh gá le himeachtaí foirmiúla ón tús.

4. NÓS IMEACHTA NEAMHFHOIRMIÚIL MAIDIR LE GEARÁIN

4.1 Is cuí an chéim seo a úsáid nuair nach mbíonn ón mac léinn ach go gcuirfear stad leis an iompar ionsaitheach agus nach bhfuil an bhulaíocht níos tromchúisí.

a) Ba chóir don ghearánach, nuair is féidir sin, a dhéanamh soiléir don fhreagróir nach bhfuiltear ag iarraidh an iompair, nach féidir glacadh leis agus go bhfuil sé maslach. D'fhéadfadh sé gur leor an méid seo i go leor cásanna chun an fhadhb a réiteach.

b) Féadfaidh an gearánach tacaíocht a lorg ó chara, ionadaí de chuid Aontas na Mac Léinn nó Comhairleoir do Mhic Léinn/Ionadaí Ranga, an Fhoireann Séiplíneachta agus/nó Comhairleoir Mac Léinn. Cabhróidh an tacaíocht leis an ngearánach déileáil leis an bhfadhb agus í a phlé go neamhfhoirmiúil, go héifeachtach agus go dearfach ag an bhfoinse.

c) Mura n-éiríonn leis an gcur chuige seo an t-ábhar a réiteach nó mura mian leis an ngearánach tacaíocht den sórt sin a lorg féadfaidh sé/sí an t-ábhar a phlé mar seo a leanas:

i) Sa chás gur mac/mic léinn an freagróir, féadfaidh an gearánach an t-ábhar a phlé leis an Ionadaí Ranga/Aontas na Mac Léinn nó le comhalta d'fhoireann na hOllscoile chun cúnamh a lorg chun an t-ábhar a réiteach go logánta;

ii) Sa chás gur fostaí/fostaithe an freagróir, féadfaidh an gearánach an t-ábhar a phlé le bainisteoir an fhreagróra chun cúnamh a lorg chun an t-ábhar a réiteach go logánta.

4.2 Mura féidir an t-ábhar a réiteach tríd an nós imeachta neamhfhoirmiúil ar shlí a bheidh inghlactha don ghearánach, ba chóir mar sin leanúint leis an ngearán tríd an nós imeachta foirmiúil maidir le gearáin.

5. NÓS IMEACHTA FOIRMIÚIL MAIDIR LE GEARÁIN

5.1 Tá an nós imeachta foirmiúil maidir le gearáin leagtha amach chun iarracht a dhéanamh gearáin fhoirmiúla maidir le bulaíocht a réiteach go tapa agus go héifeachtach lena laghad míshuaimhnis agus is féidir do gach páirtí. Déanfar nósanna imeachta foirmiúla a leanúint:

a) Más mian leis an ngearánach go ndéileálfar leis an ngearán go foirmiúil; nó

b) Más é tuairim an duine lena ndéanfaidh an gearánach an líomhain a thuairisciú go bhfuil an gearán sách tromchúiseach gur chóir déileáil leis an ngearán faoin nós imeachta foirmiúil (tar éis dó/di é sin a chur in iúl don ghearánach); nó

(c) Má theipeann ar iarrachtaí an scéal a réiteach tar éis Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil a bheith curtha i bhfeidhm; nó

(d) Má leanadh ar aghaidh leis an iompar a ndearnadh gearán faoi tar éis an Nós Imeachta Neamhfhoirmiúil a bheith curtha i bhfeidhm.

5.2 Chun an Nós Imeachta Foirmiúil a agairt, ba chóir don ghearánach gearán foirmiúil i scríbhinn a chur faoi bhráid an Leas-Uachtaráin Acadúil & Cláraitheoir i gcás gur mac léinn an freagróir agus faoi bhráid an bhainisteora i gcás gur fostaí de chuid na hOllscoile an freagróir. Ba chóir gearán foirmiúil a dhéanamh laistigh de 30 lá (i.e. mí fhéilire amháin) ón eachtra is déanaí den bhulaíocht. Is féidir síneadh ama a chur leis an spriocdháta 30 lá i gcásanna eisceachtúla. I gcásanna den sórt sin, ba chóir do liachleachtóir an ghearánaigh moladh scríofa a thabhairt. Níor chóir ach na mionsonraí beachta a bhaineann leis na heachtraí bulaíochta líomhnaithe a bheith sa ghearán.

5.3 Sa chás gur fostaí de chuid na hOllscoile an freagróir, déanfaidh an bainisteoir iomchuí an gearán a thuairisciú don Stiúrthóir Acmhainní Daonna laistigh de 5 lá tar éis dó/di an gearán a fháil.

5.4 Tabharfaidh an Leas-Uachtarán & Cláraitheoir/an Stiúrthóir Acmhainní Daonna nó, de réir mar is cuí, duine a bheidh ainmnithe aige/aici fógra i scríbhinn don fhreagróir go bhfuil líomhain maidir le bulaíocht déanta ina c(h)oinne. Tabharfar an fógra sin laistigh de 10 lá oibre ó uair a dhéanfar an gearán a chur isteach, nó chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin i gcásanna eisceachtúla. Tabharfar cóip de ráiteas an ghearánaigh don fhreagróir agus cuirfear in iúl dó/di go mbeidh air/uirthi freagra a thabhairt ar an líomhain laistigh de 20 lá oibre. Tabharfar cóip den fhreagra sin don ghearánach.

5.5 Déanfaidh an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir an gearán agus an freagra a scrúdú ar dtús i gcás gur mac léinn an freagróir agus déanfaidh an

Stiúrthóir Acmhainní Daonna é a scrúdú i gcás gur fostaí/fostaithe de chuid na hOllscoile an freagróir/na freagóirí.

5.6 Má mheastar gur cuí sin féadfaidh an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir/an Stiúrthóir Acmhainní Daonna nó a (h)ainmní iarracht a dhéanamh réiteach a fháil go neamhfhoirmiúil ar an scéal le cúnamh ó thríú páirtí más gá.

5.7 Sa chás go measann an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir/an Stiúrthóir Acmhainní Daonna nó a (h)ainmní go bhfuil gá le himscrúdú foirmiúil ceapfaidh sé/sí Coiste Imscrúdaithe nó i gcásanna áirithe Imscrúdaitheoir seachtrach aonair agus cuirfidh sé/sí na páirtithe atá i gceist ar an eolas faoin údar atá leis an imscrúdú agus na nósanna imeachta a leanfar laistigh de 10 lá oibre.

6. IMSCRÚDÚ

6.1 Is é cuspóir an imscrúdaithe fíricí agus creidiúnacht an ghearáin nó eile a chinneadh. Tríd is tríd beifear ag súil go dtabharfar an t-imscrúdú chun críche laistigh de 8 seachtaine ón am a gceapfar an tImscrúdaitheoir. Sa chás nach féidir sin a dhéanamh, cuirfear na cúinsí in iúl do na páirtithe agus coinneofar cothrom le dáta iad mar is cuí.

6.2 Déanfar an t-imscrúdú agus aird chuí á tabhairt ar chearta an ghearánaigh agus an fhreagróra agus déanfar é chomh fada agus is féidir go réasúnach lena laghad moille agus is féidir, le haird ar chothroime agus próis chuí ó thaobh an dá pháirtí.

6.3 Cuirfear an gearánach agus an freagróir faoi agallamh astu féin**.** Cé go gcuirfear agallamh ar an ngearánach agus ar an bhfreagróir astu féin féadfaidh cara, comhairleoir mac léinn, comhghleacaí nó ionadaí ceardchumainn a bheith leo ag gach agallamh a bhaineann leis an imscrúdú de réir mar is cuí.

6.4 Féadfaidh an tImscrúdaitheoir casadh le haon duine/daoine cuí a chuideoidh leis an imscrúdú. Is é an aidhm a bheidh le cruinnithe den sórt sin ná na fíricí a shoiléiriú agus beidh gach plé a dhéanfar faoi rún chomh fada agus is féidir sin go réasúnach. Beidh sé ina cheangal go mbeidh ar gach páirtí sa scéal gach ní a choinneáil faoi rún. Beidh eolas, áfach, faoi réir cheanglais teorainneacha nó nochta a fhorchuirtear le dlí faoin nós imeachta seo nó leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 agus na hAchtanna Cosanta Sonraí, 1998-2003.

6.5 Nuair a bheidh an t-eolas cuí ar fad bailithe agus breithnithe beidh ar an Imscrúdaitheoir tuarascáil scríofa réasúnaithe ina mbeidh a c(h)uid torthaí leagtha amach a chur ar fáil. Sonrófar sa tuarascáil cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil substaint leis an ngearán maidir le bulaíocht. Sa chás go dtagtar ar an tuairim gur tharla bulaíocht, déarfaidh an tImscrúdaitheoir a mhéid a tharla an t-iompar, i.e. bulaíocht ar leibhéal íseal, measartha nó tromchúiseach. Cuirfear dréacht-tuarascáil an Imscrúdaitheora chuig an dá pháirtí le deis a

thabhairt dóibh aon earráidí ó thaobh fíricí a cheartú. Beidh deich lá oibre ag an dá pháirtí le freagra a thabhairt.

6.6 Cuirfear Tuarascáil an Imscrúdaitheora ar aghaidh chuig an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir más mac léinn san Ollscoil an freagróir nó chuig an Stiúrthóir Acmhainní Daonna más fostaí de chuid na hOllscoile an freagróir. Déanfaidh an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir/an Stiúrthóir Acmhainní Daonna an cúrsa gnímh cuí a thionscnamh bunaithe ar thorthaí na tuarascála.

6.7 Ag deireadh an imscrúdaithe, má fhaightear substaint a bheith leis an ngearán, féadfar Cód Iompair na Mac Léinn nó Reacht na hOllscoile maidir le Nithe a bhaineann le hAraíonacht Fostaithe agus Foirceannadh Fostaíochta a úsáid de réir mar is cuí agus féadfar gníomh araíonachta a ghlacadh.

6.8 I gcásanna áirithe b'fhéidir nach mbeadh gníomh araíonachta cuí. Mar mhalairt bearta d'fhéadfaí oiliúint, comhairle agus/nó tréimhse mhonatóireachta agus mheasúnaithe a bheith i gceist. Mura n-éireoidh leis na gníomhartha sin féadfar ansin dul i mbun gníomh araíonachta.

6.9 Cuirfidh an Leas-Uachtarán Acadúil & Cláraitheoir/an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, nó a (h)ainmní de réir mar is cuí, in iúl don ghearánach agus don fhreagróir laistigh de thréimhse réasúnach ama cad é an gníomh a ghlacfar.

6.10 Beidh torthaí thuarascáil an Imscrúdaitheora críochnaitheach agus ní féidir achomharc a dhéanamh ina gcoinne.

6.11 Sa chás, i ndiaidh imscrúdú, go bhfaightear go bhfuil substaint leis an ngearán agus go bhforchuirtear gníomh araíonachta, beidh sé de cheart ag an bhfreagróir achomharc a dhéanamh in aghaidh an ghnímh araíonachta sa ghnáthshlí faoin nós imeachta achomhairc arna bhforáil faoi Chód Iompair na Mac Léinn nó Reacht na hOllscoile maidir le Nithe a bhaineann le hAraíonacht Fostaithe & Foirceannadh Fostaíochta.

6.12 Déanfaidh an Ollscoil gach a bhféadfaidh sí leis na páirtithe páirteach sna nósanna imeachta seo a chosaint ó imeaglú, íospairt nó idirdhealú a thiocfaidh as iad a bheith páirteach sa phróiseas imscrúdaithe.

7. GEARÁIN CHRÁITEACHA

7.1 Sa chás go bhfaightear gearán atá déanta ag mac léinn a bheith bréagach, mailíseach nó cráiteach, d'fhéadfaí gníomh araíonachta a chur i bhfeidhm maidir leis an ngearánach. Déileálfar le gearán den sórt sin mar mhí-iompar faoi Chód Iompair na Mac Léinn. Níor chóir go gcuirfeadh feidhmiú na forála seo bac ar mhic léinn ó thaobh gearáin atá acu go fírinneach a dhéanamh.

7.2 Sa chás go bhfaightear gearán atá déanta ag fostaí a bheith bréagach, mailíseach nó cráiteach, d'fhéadfaí gníomh araíonachta a chur i bhfeidhm maidir leis an ngearánach. Déileálfar de ghnáth le gearán den sórt sin faoi Reacht na hOllscoile maidir le Nithe a bhaineann le hAraíonacht Fostaithe & Foirceannadh Fostaíochta. Níor chóir go gcuirfeadh feidhmiú na forála seo bac ar fhostaithe ó thaobh gearáin atá acu go fírinneach a dhéanamh.